


CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# CLÁR LÚNASA

## LÚNASA PROGRAMME 2022

IÚIL – LÚNASA 2022 | JULY – AUGUST

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director

Tá Slam Filíochta Liú Lúnasa agus Féile an Phobail ar na buaicphointí sa Cheathrú Ghaeltachta an samhradh seo. Tá neart imeachtaí spraíúla, spleodracha againn do na mílte cuairteoirí a thiocfaidh thar tairseach isteach chugainn le linn shéasúr na gréine.

Ní bheidh na páistí díomhaoin óir tá dhá scéim samhraidh againn le Cumann Óige na bhFál i mí Iúil agus Aisling Óg i mí Lúnasa. Ceardaíocht agus ceol agus eachtraí iontacha achan lá!

Má chuireann tú dúil sa cheol thraidisiúnta, aithneoidh tú na sár-oirfidigh seo a leanas ar a gcéad ainm amháin – Muireann, Angelina, Caitlín, Síle, Edwina agus Doireann. Tá siad uilig ag teacht le chéile ar ardán na Cultúrlainne fá choinne oíche speisialta le Belfast Trad Fest, 'Tá Bean in Éirinn'. Ceannaigh do thicéad gan mhoill!

Beidh an spotsolas ar an údar áitiúil Seán Ó Muireagáin i mí Iúil nuair a sheolfar a leabhar nua gearrscéalta, 'Bádh B'fhéidir' (Éabhlóid), i gcomhar leis An Ceathrú Póilí, siopa leabhar den scoth a bhíonn ar oscailt 6 lá



na seachtaine. Tá cuideachta agus tacaíocht ann fosta dóibh siúd ar aoibhinn leo na leabhair sa Chiorcal Léitheoireachta a thagann le chéile uair sa mhí.

Beidh deis uathúil ann damhsa an *dekbeh* a fheiceáil agus Diyar Theatre as an Phailistín agus DU Dance na cathrach seo le chéile le linn Fhéile an Phobail.

Buail isteach sna dánlanna leis na taispeántais éagsúla a fheiceáil, agus coinnigh súil amach do na margaí nua atá againn an samhradh seo a chuimsíonn ceolchoirm agus béile blasta sa bhialann álainn s'againn.

Buíochas ó chroí lenár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, agus lenár maoinitheoirí uilig, as tacú linn i gcónaí na himeachtaí ilghnéitheacha seo a chur ar fáil.

The Liú Lúnasa Poetry Slam and Féile an Phobail are among the highlights this summer in Belfast's Gaeltacht Quarter. We cannot wait to welcome thousands of visitors from home and further afield and promise a unique and rich cultural experience.

Our youth team is running two summer schools for young culture vultures. Expect art and adventures, trips and tunes, and plenty of fun along the way at the Cumann Óige na bhFál and Aisling Óg schemes.

To those of you who can't get enough of traditional music, secure your tickets now for the Belfast Trad Fest concert 'Tá Bean in Éirinn'. We need only mention our incredible line-up by their first name for you to know you're in for one of the best nights of the season – Muireann, Angelina, Caitlín, Síle, Edwina, Doireann!

Our spotlight will shine on local writer Seán Ó Muireagáin as he launches his latest book of short stories, 'Bádh B'fhéidir' (Éabhlóid) in conjunction with Cultúrlann stalwarts, the excellent An Ceathrú Póilí bookshop that opens 6 days a week. And don't forget our monthly reading circle for those who enjoy debate and discussion with fellow bookworms.

There is a unique opportunity to see the beautiful and uplifting *dekbeh* dance when Diyar Theatre from Palestine visits local group DU Dance during Féile an Phobail.

Drop in to our art galleries for the four exhibitions we'll be hosting, and keep an eye out for a series of special new deals encompassing live music and great food in our gorgeous restaurant.

Finally, a word of deep thanks to our primary funder, the Arts Council, and to all our funders for their unwavering support in making our multidimensional programme a reality.

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoir

## Message from our principal funder

Anseo i gcroílar na Ceathrún Gaeltachta, soláthraíonn Cultúrlann McAdam Ó Fiaich an réimse is leithne ealaíne, cultúir agus siamsaíochta ar mhaithe le gach duine, idir óg agus aosta. Is féidir linn bheith ag súil le seoda faoi leith an samhradh seo le filleadh na féile imeallaí cultúir, Liú Lúnasa, scéim samhraidh Aisling Óg, seisiúin cheoil thraidisiúnta agus gig a bhfuiltear ag súil go mór leis le Lonesome George. Chomh maith leis sin, sméar mhullaigh cheart, le holltaispeántas pictiúr le Dan O'Neill, mórealaíontóir as iarthar na cathrach nach ndeachaigh leath a luacha riamh air. Is suíomh tábhachtach féile é an mol cruthaitheach seo agus ball lárnach i líonra leathan na n-ealaíon



le páirtíochtaí láidre le heagraíochtaí ealaíon ar fud na cathrach agus níos faide i gcéin, a chiallaíonn go dtig linn bheith ag súil le hiliomad imeachtaí iontacha ag an Chultúrlann mar chuid d'Fhéile an Phobail, Eastside Arts agus Belfast Trad Fest.

**Róisín McDonough,**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich, here at the heart of Belfast's Gaeltacht Quarter, provides the widest range of arts, culture and entertainment for everyone to enjoy, from our youngest to our oldest citizens. This summer we can look forward to some real treats, live and in-person, with the welcome return of the Irish language fringe festival, Liú Lúnasa and the annual children's summer scheme, traditional music sessions and a much-anticipated gig by Lonesome George and - a truly rare gem - a major exhibition of paintings by the grievously underrated West Belfast master, Dan O'Neill. This vibrant creative hub is also an important festival venue and an integral member of the wider arts network, with strong partnerships with arts organisations right across Belfast and beyond, which means we can all look forward to many more wonderful events in the coming months at An Cultúrlann as part of Féile an Phobail, Eastside Arts Festival and Belfast TradFest.

As principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to lift and inspire everyone through the arts.

**Roisín McDonough,**
**Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**

Iúil | July

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Taispeántas Ealaíne: Dan O'Neill**<br>*16/06/22 - 14/08/22* | Amharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Taispeántas Ealaíne: Ag Aimsiú Baile, Áit ar linn í, Áit inar féidir linn bheith linn féin**<br>Looking for a Home, a Place to call our Own, a Place where we can be Alone: Patrick Hickey<br>*16/06/22 - 14/08/22* | Amharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Taispeántas Ealaíne: Farhad O'Neill**<br>*16/06/22 - 14/08/22* | Amharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair: Bádh B'fhéidir le Seán Ó Muireagáin**<br>*02/07/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*02/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*09/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |

Iúil | July

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Scéim Samhraidh Chumann Óige na bhFál** *11/07/22 - 15/07/22* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *16/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *23/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Belfast TradFest: Tá Bean in Éirinn** *28/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan** *29/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *30/07/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |

Lúnasa | August

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Laoi Lóin: Lonesome George**<br>*05/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Billy Boy le Rosemary Jenkinson**<br>*05/08/22* | Drámaíocht \| Drama | Cultúrlann |
| **Béile agus Ceol le Ursula Devlin & Joby Fox**<br>*05/08/22 Doirse \| Doors: 6:30pm*<br>*£30 - Béile dhá chúrsa, tóg deoch leat Two course meal, BYO* | Béile \| Dinner<br>Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*06/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Diyar Theatre & Du Dance**<br>*09/08/22 - 12/08/22* | Damhsa \| Dance | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*13/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair \| Book launch: On Dangerous Ground**<br>*13/08/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Van Morrison Songbook**<br>*14/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Scéim Shamhraidh Aisling Óg**<br>*15/08/22 - 19/08/22* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ní Bheidh sé mar a bhí le Sinéad Ó'Neill-Nicholl**<br>*18/08/22 - 06/10/22* | Amharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Taispeántas Ealaíne: Róisín Ní Neachtain**<br>*18/08/22 - 06/10/22* | Amharc-ealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Dianchúrsa Liú Lúnasa**<br>*26/08/22 - 27/08/22* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*26/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Seoladh \| Launch: Cathal Ó Sándair**<br>*26/08/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Slam Filíochta Liú Lúnasa**<br>*26/08/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Ióga na Maidne le Dunla**<br>*27/08/22* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil Liú Lúnasa**<br>*27/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aonach Ealaíne agus Cultúir Liú Lúnasa**<br>*27/08/22* | Pobal & Teaghlaigh<br>Community & Family | Cultúrlann |
| **Ceolchoirm Liú Lúnasa**<br>*27/08/22* | Ceol \| Music | Cultúrlann |




# An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

## Uaireanta oscailte |

**Luan-Aoine : 9:30am - 5:30pm**
**Satharn : 9:30am - 4:00pm**
**Tá an siopa ar líne:**
**www.anceathrupoili.com**
**– oscailte 24/7**

## Our opening hours are:

**Monday - Friday : 9:30am - 5:30pm**
**Saturday : 9:30am - 4:00pm**
**Our online shop:**
**www.anceathrupoili.com**
**– is open 24/7.**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



# Bialann na Cultúrlainne

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is caifé agus bialann é Bia do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us! To book a table, call us on **02890 964184.**

**Uaireanta oscailte | Opening hours:**

**Dé Luain - Dé Sathairn**
**Monday - Saturday: 9:00am - 5:00pm**
**Dé Domhnaigh | Sunday:**
**10:00am - 5:00pm**



# Scéim Samhraidh
# Chumann Óige na bhFál

Seachtain lán de thurais, chraic, spraoi, ealaín agus spórt do Ghaeil óga na bhFál

A week of trips, craic, fun, art and sport for young Gaels in the Falls area

**19/07/21 - 23/07/21**
**10:00am - 4:00pm**
**Eolas: emma@glornamona.com | 07808619039**




## Scéim Samhraidh Aisling Óg

Seachtain shultmhar do pháistí óga a thabharfaidh deis dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt agus a muinín a ardú trí mheán na drámaíochta, na hamhránaíochta agus an chairdis. Fóirsteanach do pháistí R1- R7.

An enjoyable week for children to develop their skills and enhance their confidence through drama, singing and friendship. Suitable for children P1 - P7.

**15/08/22 - 19/08/22**
**10:00am - 3:00pm**
**£20 an pháistí | per child**
**£30 do bheirt | for two**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows/1173627064**



# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn sa chaifé nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the café.

**Gach Satharn | Every Saturday**
**12:00 - 2:00pm**
**Cultúrlann**



# Ceol na mBan

Tá deireadh na míosa buailte linn agus tá muid ar bís go mbeidh seisiún faoi stiúir na mban ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar an tábhacht, an tallann agus an ról do-tomhaiste atá ag mná i saol an cheoil thraidisiúnta. Fáilte roimh chách - buailigí isteach!

The end of the month is upon us and we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all-female led session in recognition of the importance, talent and immeasurable role women have in the traditional music scene. All welcome, be sure to call in!

**29/07/22 | 12:00 – 2:00pm**
**26/08/22 | 12:00 – 2:00pm**

# Belfast TradFest: Tá Bean in Éirinn

## Muireann Nic Amhlaoibh, Angelina Carberry, Caitlín Nic Gabhann, Doireann Ní Ghlacáin, Síle Denvir, Edwina Guckian

Tagann an teideal sin ó líne sa dán 'Mná na hÉireann' scríofa ag an fhile Peadar Ó Doirnín (1700–1769) as Oirdheisceart Uladh, agus is féidir go bhfuil aithne níos forleithne ar an dán sin mar amhrán ar chum Seán Ó Riada fonn dó in 1969. Anocht beidh muid ag déanamh ceiliúradh ar chuid de na ceoltóirí, na hamhránaithe agus na rinceoirí traidisiúnta baineanna is fearr in Éirinn.


As Iarthar Chiarraí **Muireann Nic Amhlaoibh,** agus í ar na hamhránaithe is mó tóir sa tír. Tá lear mór albam eisithe aici a bhfuil an dea-theist orthu, le cois gairm rathúil mar chraoltóir
ar an teilifís agus raidió araon. Tá an domhan siúlta aici mar bhall de Danú agus tarraingíonn a cuid amhrán as toibreacha ar fud na cruinne.

Tá Gradam Ceoil TG4 buaite ag **Angelina Carberry**, ní nach ionadh nó is seinnteoir bainseó den scoth í a thuill clú as a rithim dhaingean agus a fuaimniú deismir. Is de theaghlach clúiteach ceoil as an Longfort í agus le scéal fada a dhéanamh gairid tá sí i measc na seinnteoirí bainseó teanóir is cumasaí riamh.

Seinnteoir consairtín, múinteoir, cumadóir agus damhsóir buailteach í **Caitlín Nic Gabhann**. Bhí sí ar camchuairt le Riverdance ar feadh na mblianta, tá craobh consairtín na hÉireann buaite aici trí huaire agus is minic í ag seinm ar fhéilte agus i hallaí coirme ó Mheiriceá Thuaidh chun na hÁise le 15 bliana anuas.

Cláirseoir agus amhránaí sean-nóis í **Síle Denvir** a bhfuil an-tionchar ag a dúiche dhúchais i nGaeltacht Chonamara uirthi, mar ar fhás sí aníos agus an ceol ina timpeall. Bhí sí ar na daoine a bhunaigh Líadan agus tá camchuairteanna déanta aici leis na Chieftains.

Theagasc **Edwina Guckian** damhsa agus roinn sí ardán le cuid de na ceoltóirí is mó clú in Éirinn ar nós Altan, Dé Danann, Dervish, Máirtín O'Connor, Frankie Gavin, Kíla, Martin Hayes, Séamus Begley, agus Laoise Kelly, gan ach beagán a lua. Bhunaigh sí Áirc Damhsa Culture Club don




aos óg ina ceantar féin sa dóigh go mbeadh spás acu a bheith tumtha i dtraidisiúin agus cultúir, idir Ghaelach agus Dhomhanda, i dtimpeallacht spraíúil, neamhiomaíoch. In Aibreán 2022, bronnadh Gradam Comaoine TG4 uirthi as na héachtaí atá déanta aici i saol an chultúir.

As an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath **Doireann Ní Ghlacáin**, agus í sáite i dtraidisiún saibhir cheol an cheantair. Ó thaobh an athar, Kevin Glackin, a d'fhoghlaim sí an fhidil. Tá PhD curtha i gcrích aici ar na mallaibh in OnÉG. Baineann cuid mhór dá tráchtas leis an cheol a ndearna Seán Ó Riada, a hathair mór, staidéar air.

Taken from a line in the poem Mná na hÉireann written by South East Ulster poet Peadar Ó Doirnín (1700–1769), and perhaps more widely known as a song set to an air by Seán Ó Riada in 1969, tonight is a celebration of some the finest female traditional musicians, singers and dancers in Ireland.

One of Ireland's favourite singers **Muireann Nic Amhlaoibh** is from west Kerry. She has had a long track record of producing critically acclaimed albums, as well as enjoying a successful broadcasting career on both television and radio. She toured the world as a member of Danú, and her song repertoire is as wide as it is deep.

TG4 Gradam Ceoil winner **Angelina Carberry** is an exceptional banjo player, known for her solid rhythm and delicate articulation. She is from a very well-known Longford musical family and she is steeped in the tradition. Quite simply, she is one of the best tenor banjo players of all time.

**Caitlín Nic Gabhann** is a concertina player, performer, teacher, composer and percussive dancer. Having toured for years as a dancer with Riverdance, 3 time All-Ireland concertina champion Caitlín is a regular performer at festivals and concert halls from North America to Asia over the last 15 years.

**Síle Denvir** is a harpist and sean-nós singer who is deeply influenced by her upbringing in the Connemara Gaeltacht where she was surrounded by music and song from an early age. She is a founding member of the group Líadan, she has toured with The Chieftains.

**Edwina Guckian** has now taught her steps and shared the stage with some of Ireland's most influential acts such as Altan, De Danann, Dervish, Máirtín O'Connor, Frankie Gavin, Kíla, Martin Hayes, Séamus Begley, and Laoise Kelly to name a few. She set up Áirc Damhsa Culture Club for youths in her area to have a space to be immersed in traditions and cultures from home and all across the world in a fun and non – competitive environment. In April 2022, she was awarded the TG4 Gradam Comaoine for her outstanding contribution to culture.

**Doireann Ní Ghlacáin** hails from the north-side of Dublin, and is steeped in the rich musical tradition of the area. From her paternal family, The Glackin's, she learnt the fiddle under the tutelage of her father, Kevin Glackin. She has recently completed a PHD in NUIG. Much of her thesis relates to the music studied by her grandfather Seán Ó Riada.

**28/07/22**
**£15- Doirse | Doors: 7:00pm**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows/1173627243**



## Ceolchoirm Lóin le Lonesome George

D'eascair Lonesome George as saol an tseisiúin Fheirstigh le meascán de fhoinn thraidisiúnta agus cumadh amhráin nua-aimseartha. Ag croí an bhanna, tá an bheirt chumadóirí Joe Campbell-McArdle agus Myles McCormack, beirt seanchairde a chuaigh i ngleic leis an cheol traidisiúnta timpeall an ama chéanna agus a d'fhoghlaim i gcuideachta a chéile. In éineacht leo sa bhanna, tá an fliúiteadóir iomráiteach Stephen Loughran agus Dermot Moynagh ar ionann a stíl nua-aimseartha ar an bhodhrán agus cuisle fhuaim Bhéal Feirste.

Lonesome George have emerged from Belfast's session scene with an exciting fusion of traditional tunes and contemporary song writing that lends an immediacy to their sound that is rare to find. At the heart of the band is the song writing duo of Joe Campbell-McArdle and Myles McCormack, two old friends who approached traditional music at the same time and have learned alongside one another. They are joined by Stephen Loughran, a celebrated flute player and Dermot Moynagh, whose contemporary style on the bodhran has become the heartbeat of the sound of Belfast.



*"Delightfully fresh and different"*
The Living Tradition

*"Caustic lyrics that burn with righteous dignity even while flaring into joyful displays of tune-making"*
Songlines

*"There's a punk-like intimacy to their rough-hewn sound, one that steers away from the commercial folk sound to take the genre back to its roots, to those back-room sessions at 3am."*
Clash Magazine

*"Great social and political commentary wrapped up in a blanket of acoustic silk with intricate flute and strings interplay. Such a refreshing sound!"*
John McSherry (The OIllam, At First Light

*"Something special"*
The Irish News

**05/08/22 | 12:30pm**
**Caife na Cultúrlainne**





Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL

# Ceol & Béile
# Music & Dinner

**Amhráin faoin saol, faoin ghrá agus faoi fhás aníos in Iarthar Bhéal Feirste le Ursula Burns (nó an Cruitire Contúirteach mar is fearr aithne uirthi) & Joby Fox**

**Songs about life, love and growing up in West Belfast with Ursula Burns (aka The Dangerous Harpist) & Joby Fox**

Beidh Ursula Burns agus Joby Fox ag cur seit bríomhar inár láthair lena gcuid amhrán nuachumtha féin. Ceoltóirí cumasacha iad beirt a d'fhás aníos in Iarthar Bhéal Feirste, cuireann siad dhá dhearcadh éagsúla chun tosaigh ar an téama céanna. Ursula ar chruit/canadh, Joby ar ghiotár/canadh. Deis iontach an bheirt ealaíontóirí seo a fheiceáil i suíomh a bheidh lom ach teolaí agus pearsanta.
Ursula Burns and Joby Fox performing a dynamic in-the-round set with original songs. Both accomplished artists who grew up in West Belfast, they present two different takes on the same theme.

Ursula on harp/vocal, Joby on guitar/vocal. This is a rare opportunity to see these two artists in an informal setting up-close and personal and scaled back to the bare bones.

**Scéal Ursula Burns**: Rugadh Ursula ar Bhóthar na bhFál agus ar a haistear ceoil, scrios sí íomhá stéiréitipiciúil den chruit agus thug

ar turas í tríd an chumadóireacht amhrán, amharclannaíocht, sorcas agus coiméide. Is de dhlúth agus d'inneach a cumadóireachta a fréamhacha agus mar a d'fhás sí aníos in Iarthar Bhéal Feirste. A caidreamh grá seal, gráin seal, lena baile dúchais a thug uirthi éalú le sorcas agus saol fánach a chaitheamh ar an bhealach mhór ag scríobh amhrán agus ag seinm i ngach sórt áite ó chairteacha lucht taistil go bealaí éalaithe dóiteáin a bhí trí thine agus Tardis Imaginariums, Féile Imeallach Dhún Éideann agus Halla Ríoga Albert i Londain.

About Ursula Burns: Born on the Falls Road, Ursula's journey through music has been smashing the stereo-typical image of the harp by taking it on a journey through song writing, theatre, circus and comedy. Her roots and life growing up in Belfast are deeply ingrained in her writing. Her troubled relationship with her hometown led her to run away with the circus and embark upon a life on the road writing songs and performing everywhere from gypsy wagons to burning fire escapes and Tardis Imaginariums, Edinburgh Fringe Festival to the Royal Albert Hall.

**Scéal Joby Fox**: Ealaíontóir idirnáisiúnta é Joby Fox a rugadh i mBéal Feirste. Ceoltóir gairmiúil é ó bhí 1980 ann. Thosaigh sé i saol an Phunc leis na Bankrobbers. Cumadóir, scéalaí agus oirfideach cumasach, oilte é Joby. I gcroí a chuid amhrán bríomhar tá ceol tíre agus popcheol comhaimseartha le cois ceol traidisiúnta na hÉireann ach cluinfear liricí crua, cadránta fite fuaite sna foinn áille. Taifeadadh albam úr Joby *I Once Was a Hawk But Now I'm a Dove*, sa Danmhairg agus beidh sé ar fáil faoi Mheán Fómhair 2022.

**About Joby Fox**: Joby Fox is an international artist born in Belfast. He has worked professionally in music since 1980, starting out in Punk with The Bankrobbers. Joby is an accomplished songwriter, storyteller and performer. Contemporary folk and pop, and the traditional sounds of Ireland are at the roots of his vibrant songs, often with hard-hitting lyrics wrapped up in beautiful melodies. Joby's new album which was recorded in Denmark *I Once Was a Hawk But Now I'm a Dove* is out in Sept 2022.

**05/08/22 | Doirse | Doors: 6:30pm**
**£30 - Béile dhá chúrsa, tóg deoch leat**
**Two course meal, BYO**
**Ticéid | Tickets: www.jobyfox.com**
**Cultúrlann**



EAST SIDE INSPIRING BELFAST

# Van Morrison Story Book

Ceathrar cumadóirí ar leith ag cur a gcomhairle i gceann a chéile lena leagan féin d'amhráin duine de phríomhcheoltóirí Bhéal Feirste a chur inár láthair. Amhráin chlasaiceacha de chuid Van Morrison a bheidh sa choirm aon uaire seo ( i gcomhar leis an EastSide Arts Festival) á gcanadh ag Matt McGinn, Anthony Toner, Ken Haddock agus Gráinne Holland ( a cheolfaidh leagan Gaeilge díobh). Oíche den scoth a bheidh ann agus bímis ag dúil le hamhránaíocht iontach, scoth cheol an ghiotáir, comhcheol spreagúil agus neart cur is cúiteamh ó cheann ceann an ardáin.

Four unique song-writing talents unite to offer their take on one of Belfast's most iconic musicians. Performing inspired versions of Van Morrison classics in this one-off event (in association with EastSide Arts Festival) are Matt McGinn, Anthony Toner, Ken Haddock and Gráinne Holland (who will deliver her versions in Irish). This promises to be a memorable night: expect some great renditions, some fine guitar playing, inspired harmonies and plenty of banter back and forth across the stage.

**14/08/22 | Doirse | Doors: 8:00pm**
**£12 – www.eastsidearts.net**



## Daniel O'Neill

Rugadh Daniel O'Neill (1920 - 1974), nó Dan mar is fearr aithne air i measc a chairde, an 21 Eanáir 1920 i Sráid Dimsdale in Iarthar Bhéal Feirste. Féinmhúinte don chuid is mó, theagasc an péintéir Sidney Smith é ina stiúideo i Sráid Howard, áit ar ceadaíodh dó scuaba agus ábhair eile a úsáid. Sa bhliain 1945, ofráladh conradh dánlainne dó le Victor Waddington, a bhainistigh an dánlann ba mhó le rá i mBaile Átha Cliath ag an am a chuir spéis ar leith san ealaín chomhaimseartha.

Sna blianta i ndiaidh an chogaidh, thaistil sé go Páras agus bhí sé páirteach i ngrúpsheónna sa bhaile agus thar lear lena chairde Gerard Dillon, George Campbell, Colin Middleton agus Nevill Johnson. In 1952, moladh go mór sa bhaile agus go hidirnáisiúnta é as an taispeántas iardhearcach a d'eagraigh CEMA in Iarsmalann agus Gailearaí Ealaíne Bhéal Feirste. Tar éis tréimhse a chaitheamh i Londain sna 1960í, d'fhill sé ar Bhéal Feirste agus d'fhan sé ann go dtí a bhás in 1974.



Daniel O'Neill (1920-1974) or 'Dan' as he was known to his friends, was born on 21st January 1920 in Dimsdale Street in West Belfast. Mostly self-taught, he was tutored by the painter Sidney Smith at his studio in Howard Street where he was allowed the use of brushes and materials. In 1945 he was offered a gallery contract with Victor Waddington who at that time ran the leading gallery in Dublin specializing in contemporary art. In the post- war years, he traveled to Paris and exhibited in group shows at home and abroad with friends, Gerard Dillon, George Campbell, Colin Middleton and Nevill Johnson. A retrospective exhibition at the Belfast Museum and Art Gallery in 1952, organized by CEMA led to critical acclaim at home and on the international stage. After a period in London in the 1960s, he returned to Belfast where he remained until his death in 1974.

**16/06/22 – 14/08/22**
**Dánlann Dillon**

# Ag Aimsiú Baile, Áit ar Linn í, Áit inar féidir linn bheith Linn Féin

**Le Patrick Hickey**

## *Looking for a Home, a Place to call our Own, a Place where we can be Alone*

**With Patrick Hickey**

Sa taispeántas seo tá saothar atá á chruthú ag an ealaíontóir Patrick Hickey le trí bliana anuas mar chuid dá dhochtúireacht cleachtasbhunaithe in Ollscoil Uladh, Béal Feirste. Scrúdaíonn an taispeántas an fhéiniúlacht aiteach Éireannach agus an fhearúlacht trí iniúchadh a dhéanamh ar fhíor an fhir lomnocht i leagan fantaisíochta de thírdhreach na hÉireann. Is minic a díbríodh daoine aiteacha go himeall na staire, i Stair na hEalaíne go háirithe, agus séanadh a gcearta orthu ar oileán na hÉireann go dtí le déanaí. Is é an sprioc atá le saothar agus le taighde Hickey ná na pearsana ceilte seo a thabhairt chun tosaigh, agus iad a lonnú i leagan ficseanaithe d'Éirinn a léiríonn oileán mistéireach a thugann tearmann do na carachtair, áit a mbíonn siad saor ó reitric na héadulaingthe agus na biogóideachta.



This exhibition features work artist Patrick Hickey has been creating over the past three years as a part of his practice-based PhD at Ulster University, Belfast. The exhibition explores queer Irish identity and masculinity through the exploration of the nude male figure in a fantasy version of the Irish landscape. Queer people have often been relegated to the margins of history, Art History especially, and their rights have been denied on the island of Ireland until recently. The goal of Hickey's paintings and research is to bring forth these hidden figures, and place them in a fictionalised version of Ireland that depicts a mysterious island of refuge where they are free from intolerant and bigoted rhetoric.

**16/06/22 – 14/08/22**
**Ballaí Bána**



# Ag Labhairt fríd an Chaille

## Speaking through the Veil

### le Farhad O'Neill

Tá an taispeántas galánta seo le feiceáil i mbialann na Cultúrlainne Cuimsíonn an taispeántas seo, dar teideal Ag Labhairt fríd an Chaille, 16 léiriú atá faoi thionchar insintí meánaoiseacha agus an fhealsúnacht nadúrtha. Tuilleadh eolais faoin ealaíontóir Farhad O'Neill anseo: www.farhadsculpture.com

This exhibition, Speaking through the Veil, comprises of 16 illustrations inspired by medieval narratives and natural philosophy.
Further information regarding artist Farhad O'Neill can be accessed here: www.farhadsculpture.com

**16/06/22 - 14/08/22**
**Bialann na Cultúrlainne**

# Ní bheidh sé mar a bhí

## le Sinéad O'Neill-Nicholl




Suiteán éisteachta é seo d'agallaimh thaifeadta athchruthaithe le cuid de dhaoine muinteartha na ndaoine a fuair bás i dTeach Tábhairne McGurk in 1971. Tairgeann an suiteán spás poiblí dóibh siúd a chaill gaolta lena gcuimhní cinn pearsanta a roinnt faoin bhrón agus faoin chumha agus le cuimhneamh ar na himeachtaí ina gcuid focal féin taobh amuigh de spotsolas na polaitíochta agus na meán.

I gcaitheamh 2021, cuimhneachán caoga bliain bhuamáil Theach Tábhairne McGurk, thaifead Sinéad O'Neill-Nicholl comhráite le daoine muinteartha na ndaoine a fuair bás sa bhuamáil. Le teicnící iarléiriúcháin agus bogearraí eagarthóireacht fuaime, amharcann an t-ealaíontóir go grinn ar na struchtúir chumhachta a chruthaítear trí theanga i gcomhthéacs na fírinne, an eolais agus an cheartais agus suim bhreise aici sna modhanna a úsáidtear le guth 'an duine eile' a chur ina thost.

'Ní bheidh sé mar a bhí' consists of an audio installation of reconstructed recorded interviews with some of the relatives of those killed in the McGurk's Bar bombing of 1971. The installation offers a public space for those who lost their relatives to share their personal memories of grief and loss and to recall the events in their own words outside of the political and media spotlight.

Over the course of 2021, the fiftieth anniversary year of the McGurk's Bar bombing, Sinéad O'Neill-Nicholl recorded conversations with the relatives of those who were killed in the bombing. Through post-production techniques and audio editing software the artist examines the power structures created through language in the context of truth, knowledge and justice and is further interested in the methods used to silence the voice of the 'other'.

**18/08/22 - 06/10/22**
**Ballaí Bána**





## Róisín Ní Neachtain

Cuirfear i láthair an chéad taispeántas aonair de chuid Róisín Ní Neachtain, ealaíontóir agus file. In "*Your Words Disturbed My Earth*" (ó dhán Eavan Boland "For a Poet who Died Young" – The Historians, le caoinchead Carcanet Press) tá pictiúir instinniúla, eispriseanaíocha arb é saol liteartha na hÉireann a spreag agus iad taobh le tírdhreacha teibí a léiríonn nasc le timpeallacht atá ag athrú go mear. Is anseo a chumascann an t-ealaíontóir an paisean atá aici do chaomhnú éiceachóras na hÉireann agus a mian athcheangal le hoidhreacht shaibhir chultúrtha na hÉireann.

Presenting the first solo exhibition of the artist and poet Róisín Ní Neachtain. "*Your Words Disturbed My Earth*" (from Eavan Boland's poem "For a Poet who Died Young" – The Historians, courtesy of Carcanet Press) features visceral, expressionist paintings inspired by the Irish literary world alongside abstract landscapes representing connection in a rapidly changing environment. Here the artist merges her passion for the preservation of Ireland's ecosystem with her desire to reconnect to Ireland's rich cultural legacy.

**18/08/22 - 06/10/22**
**Ballaí Bána**

# Billy Boy

## le Rosemary Jenkinson

Rosemary Jenkinson, scríbhneoir as Oirthear Bhéal Feirste, a scríobh 'Billy Boy' in 2021. Agallaimh le tógálaithe óga tinte cnámh a spreag an dráma. John Travers, aisteoir óg sárchumasach, a bheidh ar an ardán. Tá Aaron ag tabhairt aire don tine is mó agus is conspóidí san Oirthear agus é luite ar chur in éadan chinneadh na Comhairle. Ach is é an deacracht aige, má tharraingíonn sé tuilleadh triobló ide air féin, seans go mbeidh aige le himeacht leis...

'Billy Boy', by east Belfast writer Rosemary Jenkinson, was written in 2021 and inspired by interviews with young bonfire builders. Performed by the amazing young actor John Travers. Aaron is looking after the biggest and most controversial boney in the East and is determined to fight the council's ruling. The problem is, if he gets into any more trouble, he might have to pack his bags...

**05/08/22**
**3:00pm & 8:00pm**
**£12**
**www.culturlann.ie**


EAST
SIDE
INSPIRING
BELFAST

# Diyar Theatre agus DU Dance

*'Déanaimid damhsa ar son na beatha agus na saoirse'*. Sin an teachtaireacht a thugann an complacht Palaistíneach Diyar Theatre don lucht éisteachta. Cumascann a saothar béaloideas na Palaistíne agus damhsa comhaimseartha ar dhóigh a léiríonn chan é amháin paisean chun damhsa ach tiomantas d'athnuachan agus athbheochan a oidhreachta náisiúnta.
Cuimseofar i gclár Diyar Theatre, i mBéal Feirste dóibh, damhsa tíre (debkeh) á léiriú ag dháréag de dhamhsóirí cumasacha, tiomanta Palaistíneacha, atá go mór i bhfách lena n-oidhreacht chultúrtha agus damhsa tíre a chur i láthair an tsaoil mhóir.
Lena chois sin, léireoidh siad 'Gafa', píosa a ndearna Royston Maldoom cóiréagrafaíocht air agus atá bunaithe ar thuairiscí páistí Palaistíneacha a gabhadh - nó atá gafa go fóill - gan aon chúiseamh de ghnáth, agus a cuireadh i bpríosún de chuid Iosrael.
Is tuairisc theilifíse a chonaic Maldoom a spreag 'Gafa'. Léiríodh cailín óg Palaistíneach darb ainm Tamimi a raibh sé de chrógacht aici boiseog a bhualadh ar shaighdiúir Iosraelach



a bhí ag iarraidh teacht isteach in áit chónaithe a muintire.
Baineann an píosa feidhm fosta as tuairiscí pearsanta ar stailceanna ocrais, coinneáil i ngaibhniú aonair agus an tionchar tubaisteach ar theaghlaigh.
Is léiriú é an radharc deiridh de dhiongbháilteacht agus neart na ndaoine seo a raibh sé de phribhléid ag Maldoom aithne a chur orthu agus é ar cuairt ar Bhruach Thiar i seilbh Phalaistíneach agus i nGaza.
*'We dance for life and freedom'*.
This is the message that Palestinian company Diyar Theatre carries to audiences through its performances. Its work combines Palestinian folklore with contemporary dance in a way that conveys not only a passion for dance but a commitment to revitalising its national heritage.



Diyar Theatre's programme in Belfast will include folk dance (debkeh), performed by twelve talented and committed Palestinian dancers, who are keen to introduce their cultural and folk dance heritage to the world.

They will also perform 'Taken', a piece choreographed by Royston Maldoom and centred around the testimonies of Palestinian children who had been - and continue to be - held, usually without charges, in Israeli prisons.

The inspiration for Taken came from a television report, seen by Maldoom. It showed a young Palestinian girl called Tamimi, who, in an astonishing act of bravery, slapped an Israeli soldier who was trying to encroach on her family's property.

The piece also draws on personal testimonies of hunger strikes, detention in solitary confinement and their devastating effect on families.

Its final scene of defiance and strength characterises the people that Maldoom says he has been privileged to meet during his visits to the Palestinian occupied West Bank and Gaza.

**10|08|22 | 12|08|22 - 7:00pm**
**11|08|22 - 3.30pm**
**£5|7 - Lacáistí teaghlaigh ar fáil | Family discounts available**
**Culturlann.ticketsolve.com/shows**

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL

DU DANCE (NI)

**Seoladh Leabhair | Book Launch:**

# Bádh B'fhéidir

## le Seán Ó Muireagáin




Cuireann Ó Muireagáin saolta osréalacha os ár gcomhair sna scéalta samhlaíocha ficsean eolaíochta seo, saolta diostóipeacha, saolta barbartha, saolta a mbíonn an fhírinne á ceistiú iontu agus a mbíonn rian maith den fhíorshaol le sonrú iontu i gcónaí. Scamhann sé siar na scaireanna chun go bhfeice muid faoin chlúdach bréige, ag nochtadh mhíchothromaíocht an tsaoil seo ina mairimid. Is scéalta iad a bhfuil dánacht ag baint leo.
Bhuaigh an scéal 'An Chóir Chodlata' Duais an Mhaolánaigh i gcomórtas liteartha an Oireachtais 2018.

Is as Uachtar Chluanaí i mBéal Feirste do Sheán Ó Muireagáin. Is scríbhneoir filíochta, amhrán agus gearrscéalta é. Tá 35 bliain caite aige ag obair in earnáil an Ghaeloideachais sna Sé Chontae, mar ghníomhaí, mar mhúinteoir naíscoile agus bunscoile agus, le 20 bliain anuas, mar Oifigeach Comhairleach. D'fhoilsigh Éabhlóid a chéad chnuasach gearrscéalta.


In these imaginative science-fiction stories, Ó Muireagáin presents us with surreal, dystopian and barbaric worlds; and worlds that call the truth into question while still containing an unmistakable element of real life. He strips back the layers to let us see beneath the sham exterior, exposing the inequality of the world we live in. These are bold stories.
The story 'An Chóir Chodlata' was awarded Duais an Mhaolánaigh in the Oireachtas literary competition in 2018.
Seán Ó Muireagáin is from the Springfield area in Belfast. He writes poetry, songs and short stories. He has spent 35 years working in the Irish- medium education sector in the Six Counties, working as an activist, as a nursery and primary schoolteacher and, for the past 20 years, as an Advisory Officer. His first collection of short stories was published by Éabhlóid.

**02/07/22**
**1:00pm**

éabhlóid An Ceathrú Póilí

**Seoladh Leabhair | Book Launch:**

# On Dangerous Ground




Bhí Máire Comerford (1893–1982) ar an láthair le linn Éirí Amach 1916, bhí sí ina ball de Chumann na mBan agus Sinn Féin, ghlac páirt ghníomhach i gCogadh na Saoirse, chuir in éadan an Chonartha Thubaistigh ar toradh dó an cogadh cathartha, cuireadh i bpríosún í, scaoileadh í, bhí sí ar stailc ocrais, d'éalaigh ó phríosún, agus le linn a saoil fhada bhí sí ina finné ar íobairtí a comrádaithe.

Labhraíonn Hilary Dully, scríbhneoir agus déantóir scannáin faisnéise, a chuir eagar ar an bheathaisnéis fhíorshuimiúl seo, ar Mháire agus an cuntas a thug sí ar na heachtraí a chonaic sí lena súile cinn sa streachailt náisiúnta, streachailt ar thochail frithréabhlóidithe fúithi ar deireadh thiar.

Máire Comerford (1893–1982) witnessed the 1916 Rising, joined Cumann na mBan and Sinn Féin, actively participated in the war for independence, opposed the disastrous Treaty which was to lead to civil war, suffered imprisonment, was on hunger strike, was shot, escaped from jail and throughout her long life bore witness to the sacrifices of her comrades.

Writer and documentary filmmaker Hilary Dully, who edited this striking memoir, talks about Máire and her remarkable first-hand account of a national struggle which was ultimately undermined by counter-revolutionaries.

Chaired by Eibhlín Glenholmes, republican activist.

**12/08/22**
**1:00pm**

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL

An Ceathrú Póilí



# An Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Sinéad le clárú. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Sinéad to register. All welcome.

**Eolas | Info: Sinead@culturlann.ie**




# Ag Léamh faoin Bhinse Scoile: Scéal Chathail Uí Shándair

## Reading under the School Desk: The Story of Cathal Ó Sándair

Ar feadh dhá scór bliain chuir Cathal Ó Sándair (1922-1996) déagóirí na hÉireann ag léamh leabhair Ghaeilge go fonnmhar – uaireanta faoin bhinse scoile, fiú. Bleachtaireacht, eachtraíocht, buachaillí bó, ficsean eolaíochta – thriail Ó Sándair gach seánra faoin spéir le léitheoirí óga a mhealladh, agus d'éirigh leis. Sa taispeántas dátheangach seo, atá mar chuid de chomóradh 100 bliain ó rugadh Cathal Ó Sándair, insítear scéal an údair mhór-ráchairte Gaeilge nach bhfuil mórán daoine ar an eolas faoi.

For forty years Cathal Ó Sándair (1922-1996) got Ireland's teenagers enthusiastic about reading books in Irish – sometimes even under the school desk. Detectives, adventure, cowboys, sci-fi – Ó Sándair tried his hand at every genre under the sun to engage young readers, and succeeded. This bilingual exhibition, part of a centenary celebration of Cathal Ó Sándair, tells the story of the best-selling Irish-language author you've probably never heard of.

**26/08/22**
**Caint | Talk @ 1pm**



# Ceardlann Cheoil agus Ghluaiseachta le Dunla

## Music and Movement Workshop with Dunla

Is ceardlann álainn í seo atá dírithe ar pháistí idir 0-6 bliana d'aois a chuimsíonn gníomhaíochtaí ceoil agus gluaiseachta a chuideoidh lena bhforbairt fhisiciúil, scileanna éisteachta agus cruthaitheachta atá lárnach do shealbhú teanga agus cumarsáide. Cuideoidh an cheardlann seo le fuinneamh na bpáistí a spreagadh agus féadfaidh sé páistí ciúine a spreagadh chun an chúthaileacht a chur díobh.This is a beautiful workshop is designed for children between 0 - 6 years of age and encompasses music and movement activities which will help their physical development, their creative and listening skills which are vital for learning language and communication. This workshop can help them work off energy and it can encourage quiet children to come of their shell.

**26|08|22**
**11:00am**
**Saorchead | Free**
**Cláraigh | Register: https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows?i=3**




# Dianchúrsa Gaeilge

Mar chuid de Liú Lúnasa, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh de thréimhse ghairid ama. Cúrsa spreagúil lán eolais a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat do chumas sa Ghaeilge a thabhairt go leibhéal eile. Tá táille £20 ar an chúrsa. Beidh na leibhéil seo a leanas ar fáil: Bunrang – Meánrang – Rang Comhrá

As part of Liú Lúnasa, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. There is a fee of £20 for the course. The levels we have are: Beginners – Intermediate – Conversational Class

**26|08|22 - 27|08|22 - £20**
**11:00am - 2:00pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com**




## Slam Filíochta Liú Lúnasa

Tá cáil ar Shlam Filíochta Liú Lúnasa mar an aon chomórtas slam filíochta trí Ghaeilge sa tír agus tá muid ar bís go mbeidh muid ábálta fáilte a chur roimh fhilí agus eile a bheith ar ais linn faoi dhíon na Cultúrlainne d'oíche mhór filíochta agus sibh san iomaíocht do dhuaischiste £800. Téigí i mbun cumadóireachta!

Liú Lúnasa's Poetry Slam is renowned as the only Irish language slam poetry competition and this year we are delighted welcome all entries to perform in the Cultúrlann. Our first in person Slam since 2019. Sinéad Ní Ullacháinn will join us as host and we are looking forward to a fantastic night of poetry where you will be competing for a prize fund of £800. Get writing!

**26|08|22**
**8:00pm**
**Táille Iomaitheora | Competition Entries: £5**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**



# Ióga Maidne le Dunla

## Morning Yoga with Dunla

Bí linn don rang faoi leith seo mar chuid de Liú Lúnasa. Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá sé fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Fáilte roimh chách. Cuirfear mataí ióga ar fáil agus beidh bricfeasta éadroim ar fáil i ndiaidh an ranga.

Join us for this one of yoga morning as part of Liú Lúnasa. This bilingual (Irish and English) class will explore different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Everyone welcome. Yoga mats provided and we will have a light breakfast after the class.

**27/08/22**
**8:00am**
**Táille Iontrála | Entry Fee: £5**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**



# Aonach Liú Lúnasa

Beidh aonach ealaíne agus cultúir le réimse gníomhaíochtaí agus seastán againn lena n-áirítear ceol, ceardlann ealaíne agus gníomhaíochtaí teaghlaigh.

We will have an arts and cultural fair with a range of activities and stands including music, art workshops and family activities.

**Tuilleadh eolais le fógairt | Further Information to come**
**28/08/22**
**12:00 - 3:00pm**




## Ceolchoirm Liú Lúnasa:

### Cairde Palestine

Beidh ceolchoirm spleodrach againn le críoch a chur le Liú Lúnasa le plúr an cheoil Ghaelaigh agus Arabaigh. Beidh an oíche á reáchtáil i gcomhar le Cairde Palaistíne agus beidh an t-airgead ag dul i dtreo na Palaistíne.

We'll have a night of fantastic music to finish Liú Lúnasa 2022 with a fusion of both Irish and Arabic music. The night is organized in conjunction with Cairde Palestine and all funds raised will go to Palestine.

Cairde Palestine are a diverse community of Palestinian solidarity activists with one common goal, to support a Palestinian-led strategy to end Israeli Apartheid and bring about freedom, justice and equality for the people of Palestine.
CAIRDE is the Gaeilge word for friends and this concept is key to the success and sustainability of our movement. We want to grow a community of grass-roots activists who share in common a passion for the Palestinian cause for freedom and self-determination.

**27/08/22**
**8:00pm | £10**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

## Na Meáin Shóisialta

**Social Media**

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH